An Coimisiún um
Rialáil Cumarsáide
Commission for
Communications Regulation

**15/08/2023**

**Preaseisiúint**

# Tá níos mó oibrithe ag obair ón mbaile ar line de réir suirbhé a choimisiúnaigh ComReg

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (ComReg) suirbhé inniu a léirigh go n-oibríonn 44% freagróirí ar líne sa bhaile lá sa tseachtain ar a laghad. Oibríonn an tríú cuid ar líne ón mbaile ar a laghad trí lá den tseachtain. Bíonn an chuid is mó de chianoibrithe ina gcónaí i gceantair ina bhfuil daonra mór iontu ina bhfuil teacht ar leathanbhanda ardluais.

Aontaíonn 78% díobh siúd a d'fhreagair an ceistneoir gur seirbhís riachtanach é an leathanbhanda. Tá ceangal leathanbhanda ag 85% teaghlaigh. Bíonn teaghlaigh faoin tuath nó áitritheoir níos sine beagáinín faoi bhun an mheáin.
An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide a choimisiúnaigh an Suirbhé faoi Nascacht Leathanbhanda agus Behaviour and Attitudes a chur i gcrích é. B'é sprioc an tsuirbhé ná monatóireacht a dhéanamh ar usáid leathanbhanda ag tomhaltóirí agus a gcuid tuairmí ar sheirbhisí leathanbhanda in Éirinn.

Le beagnach leath de dhaoine fásta ag obair ar líne lá sa tseachtain ar a laghad, dúirt Coimisinéir um Rialáil Cumarsáide Garrett Blaney "is léir go bhfuil seirbhísí leathanbhanda riachtanach dár saol eacnamaíoch agus sóisialta. Na seirbhísí a chuirtear ar fáil de bharr an leathanbhanda tá tionchar ón bhun aníos acu ar oideachas, siamsaíocht, miondíol agus neart eile.

Faighimid léargas úsáideach ón suirbhé ar an mbealach a bhfuil leathanbhanda i dtithe ag forbairt de réir mar a leathnaíonn gréasáin leathanbhanda ardluais ar fud na tíre agus is ag méadú go leanúnach atá cianobair. I measc ngnéithe eile a léiríonn an suirbhé tá:

- Dar le teaghlaigh a bhfuil seirbhís leathanbhanda acu ón mbaile – tá ar an meán 4.2 gaireas atá ceangailte leis an leathanbhanda de bharr ceangal an tí, agus tá claonadh ag an dream níos óige agus lucht na cathrach níos mó gairis a bheith acu.
- Tá an chuid is mó díobh siúd a ghlac pairt sa suirbhé sásta le seirbhís an leathanbhanda, ach in áiteanna ar bheagán daonra tá seans níos lú ann go mbeadh teaghlaigh sásta.

- Úsáidtear seirbhísí ar líne (mar shampla cuardach, brabhsáil ar an idirlíon, na meáin shóisialta agus teachtaireachtaí ar an bpointe) don chuid is mó in áiteanna uirbeacha agus i dteaghlaigh óga.
- Níl nasc leathanbhanda ar bith ag 15%. Deir an chuid is mó den dream seo nach bhfuil spéis acu ceangal leathanbhanda a fháil, nach mbaintear úsáid as sa bhaile ach go n-úsáidtear fón cliste ina áit.

Rinneadh an suirbhé idir Mí na Samhna 2022 agus Mí an Mhárta 2023. Rinneadh an suirbhé go randamach agus go pearsanta ar 2,993 duine ina gcuid tithe.

Rinneadh an suirbhé le 2,993 duine sa bhaile.

**-ENDS-**

**Issued By**

**Tom Butler**
**Public Affairs Manager, ComReg**

**Ph: 01 8049639** **Mobile: 087 2536358** **tom.butler@comreg.ie**